Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5835/26**

**COHOM 27**
**CONUN 14**
**COPS 70**
**COASI 26**
**COAFR 29**
**CFSP/PESC 147**
**DEVGEN 16**
**MAMA 25**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2026, arna bhformheas ag an gComhairle ag an 4151ú cruinniú a bhí aici an 29 Eanáir 2026.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE I nDÁIL LE TOSAÍOCHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH I bhFÓRAIM NA NÁISIÚN AONTAITHE MAIDIR LE CEARTA AN DUINE IN 2026

1. Is cearta uilíocha, dodhealaithe, idirspleácha agus idirghaolmhara iad **cearta an duine**, bídís sibhialta, cultúrtha, eacnamaíoch, polaitiúil nó sóisialta. Tá siad bunriachtanach do dhínit an duine, don chomhionannas, don daonlathas, don smacht reachta, don tsíocháin agus don fhorbairt inbhuanaithe. Tá an tsíocháin agus an rathúnas, an tsaoirse agus an tslándáil, chomh maith le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus Clár Oibre 2030, fite fuaite san urraim don smacht reachta, don daonlathas agus do cheart uile an duine. Is é an dlí idirnáisiúnta is bunús leis an tsíocháin, leis an gceartas, leis an tsaorthrádáil agus le díospóidí a réiteach.

2. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil rún daingean aige **cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn go huilíoch** ar mhaithe le gach duine, i ngach áit. Beidh an tAontas diongbháilte i gcónaí agus uilíocht chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta á gcosaint aige. Is chun leasa an Aontais Eorpaigh, a Bhallstát agus a shaoránach é na noirm uilíocha sin a chur chun cinn agus a chosaint go gníomhach, inár ngníomhaíocht sheachtrach freisin. Beidh an tAontas freagrúil ina chur chuige prionsabálta maidir le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a chur chun cinn go héifeachtach i ndomhan atá ag athrú go tapa.

3. Mar Aontas atá bunaithe ar chomhar idirnáisiúnta agus ar fhreagracht chomhroinnte, tá an t-ionsaí forleathan atá á dhéanamh faoi láthair ar an **ord idirnáisiúnta** riailbhunaithe, ar chearta an duine, ar noirm a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, agus ar na hinstitiúidí a bhunaíomar chun iad a fhorfheidhmiú ag teacht salach ar leasanna straitéiseacha an Aontais Eorpaigh. Is iad na rialacha a comhaontaíodh go comhchoiteann agus **institiúidí iltaobhacha** éifeachtacha cuimsitheacha, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina gcroílár, an bealach is fearr chun an tsíocháin, an tslándáil, cearta an duine, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a chinntiú do gach duine. Leanfaidh an tAontas de sheasamh láidir a ghlacadh agus de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le hurramú an dlí idirnáisiúnta agus chearta an duine a chaomhnú agus a chur chun cinn, agus é ag baint leas as a aontacht chun go gcothófaí comhpháirtíochtaí trasréigiúnacha a neartóidh noirm dhomhanda agus an tsíocháin. Bainfimid leas as gach deis a bheidh againn i bhfóraim iltaobhacha chun cur i gcoinne na n-ionsaithe ar chearta an duine.

4. Leanfaidh an tAontas de bheith ag **comhoibriú le réigiúin uile an domhain** chun feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí le tíortha ar fud na réigiún. Beidh sé thar a bheith tábhachtach i gcónaí an comhar a dhoimhniú agus a leathnú i réimse chearta an duine, lena n-áirítear comhar le comhpháirtithe eile seachas na cinn thraidisiúnta atá ar aon intinn leis an Aontas, agus gníomhú mar eadránaí. Beidh an tAontas ina chomhpháirtí intuartha iontaofa ag tíortha ar fud an domhain i gcónaí.

5. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na Stáit uile comhoibriú go hiomlán le **córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine** agus páirt fhóinteach a ghlacadh ann. Agus comóradh 20 bliain á dhéanamh ar **Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine**, tá sé ríthábhachtach a ról a athdhearbhú mar phríomhfhóram don idirphlé, don chomhar agus don ghníomhaíocht maidir le cearta an duine agus a seasamh agus a sineirgí leis an obair a bhíonn ar bun ag comhlachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe a neartú, go háirithe an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

6. Ní mór d'Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine a bheith in ann oibriú go neamhspleách agus ní mór na hacmhainní leordhóthanacha a bheith aici chun go mbeidh **córas láidir éifeachtach um chearta an duine ag na Náisiún Aontaithe**. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na Stáit uile rochtain neamhchoinníollach gan bhac a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus dá sásraí faireacháin um Chearta an Duine ar a gcríocha, cuirí buana a leathnú chuig Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe agus chuig sásraí eile de chuid na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus a gcuairteanna tíre a éascú. Athdhearbhóidh an tAontas tacaíocht dhaingean don **Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch**, ar bunchloch de chóras na Náisiún Aontaithe um chearta an duine é, agus iarrfaidh sé ar na Stáit uile leanúint de bheith rannpháirteach ann. Leagann an tAontas béim ar an ról ríthábhachtach atá ag sealbhóirí shainordú Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe, ar a neamhspleáchas agus ar a n-ionracas.

7. Tá **trí cholún na Náisiún Aontaithe** chomh tábhachtach céanna agus treisíonn siad uile an bonn ar a bhfothaítear córas na Náisiún Aontaithe. Tá ról ríthábhachtach ag na Náisiúin Aontaithe maidir le rialacha a shocrú, ach ba cheart do chomhlachtaí agus d'eintitis uile na Náisiún Aontaithe gné chearta an duine a chlúdach ina ngníomhaíochtaí. Is deis é **tionscnamh NA80** chun na Náisiúin Aontaithe a neartú agus chun a chinntiú go bhfíorófaí an tionscnamh i dtrí cholún na Náisiún Aontaithe, ós rud é go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an tionchar a imreofar i réimse chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de bheith airdeallach nach mbeidh tionchar díréireach ag próiseas athchóirithe NA80 ar cholún chearta an duine, agus leanfaidh sé de shúil ghéar a choimeád ar **chistiú** an tionscnaimh lena chinntiú go mbeidh sé leordhóthanach, intuartha, méadaithe agus inbhuanaithe, agus fios aige nach leor an maoiniú a thugtar don tionscnamh faoi láthair ó thaobh struchtúir, agus go bhfuil tionchar ar leith ag an ngéarchéim leachtachta air. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na Stáit uile a ngealltanais airgeadais a chomhlíonadh, agus a ndleachtanna a íoc ina n-iomláine agus in am.

8. Leis na hiarrachtaí leanúnacha **cuíchóirithe agus éifeachtúlachta** atá á ndéanamh ag an gComhairle um Chearta an Duine agus ag an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, tá deis ann cur le fócas, éifeachtacht agus tionchar na bhfóram sin agus leis na sainorduithe a chruthaíonn siad, chomh maith leis an gcomhar idir an Chomhairle um Chearta an Duine agus an Tríú Coiste a neartú chun forluí a laghdú agus dúbláil a sheachaint. Iarrann an tAontas ar na Stáit uile páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí sin de mheon an chomhair dhílis agus d'fhonn seasamh lena bpríomhfheidhmeanna.

9. Chun go ndéanfar cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus an tsíocháin agus an tslándáil inbhuanaithe a áirithiú, ní mór leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun **deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós agus cuntasacht a áirithiú** i dtaca le gach sárú agus mí-úsáid ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear **an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine** agus **an dlí daonnúil idirnáisiúnta** cibé áit a ndéantar iad. Tá cuntasacht ríthábhachtach chun coinbhleachtaí a réiteach ar bhealach inbhuanaithe. I gcomhar lena chomhpháirtithe ar fud na cruinne, leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le nósanna imeachta speisialta na Náisiún Aontaithe, le sealbhóirí sainorduithe agus le himscrúduithe neamhspleácha ar sháruithe agus mí-úsáidí i réimse cheart an duine agus ar sháruithe an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear na cinn a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna idirnáisiúnta.

10. Athdhearbhóidh an tAontas a thacaíocht bhuanseasmhach don chóras idirnáisiúnta ceartais choiriúil, go háirithe don **Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta**, agus a thiomanta atá sé Reacht na Róimhe a urramú agus neamhspleáchas agus sláine na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a chaomhnú. Meabhraítear don Aontas nár cheart coireanna faoi Reacht na Róimhe, a chuireann síocháin, slándáil agus folláine an domhain i mbaol, dul gan phionós. Chun go mbeidh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta in ann a sainordú a chomhlíonadh, comhoibreoidh na Stáit is Páirtithe, i gcomhréir le forálacha Reacht na Róimhe, go hiomlán leis an gCúirt agus na coireanna faoi dhlínse na Cúirte á n-imscrúdú agus á n-ionchúiseamh aici. Tá tacaíocht láidir á tabhairt ag an Aontas don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta le fada an lá. Molann an tAontas idirphlé idir na Stáit is Páirtithe agus na Stáit nach Páirtithe iad, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta agus do Reacht na Róimhe, chun a áirithiú go leanfaidh an Chúirt ag feidhmiú mar institiúid bhreithiúnach éifeachtach neamhspleách. Cáinfidh an tAontas i gcónaí ionsaithe nó bagairtí ar an gCúirt, ar oifigigh thofa, ar phearsanra agus orthu siúd a bhíonn ag comhoibriú leis an gCúirt. Leanfaidh an tAontas dá thacaíocht iomlán a thabhairt agus dá rannchuidiú chun a áirithiú go ndéanfaí an Chúirt agus a foireann a chosaint ar bhrúnna nó ar bhagairtí seachtracha, ionas gur féidir leis an gCúirt leanúint de bheith ag feidhmiú in imthosca ar bith.

11. Tá **spás sibhialta** láidir bríomhar ríthábhachtach don daonlathas, do chearta an duine, agus chun rialtais a thabhairt chun cuntais. I gcomhthéacs srianta cistiúcháin breise, tá méadú scanrúil tagtha ar chiapadh, ar bhagairtí agus ar na hionsaithe a dhéantar ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear brú faoi chois trasnáisiúnta, chomh maith le reachtaíocht atá ag éirí níos srianta i gcuid mhór tíortha. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht agus de chosaint a thabhairt do shochaí shibhialta láidir athléimneach as líne agus ar líne, lena n-áirítear trí Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta, agus déanfaidh sé plé struchtúrtha na sochaí sibhialta le húdaráis chinnteoireachta a chur chun cinn agus a chumasú go córasach mar aon le rannpháirtíocht sna Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim iltaobhacha eile.

12. Cruthaítear dúshláin nua le **dinimicí a bhíonn ag athrú sna Náisiúin Aontaithe** agus, de bharr na ndinimicí sin, déantar níos mó iarrachtaí an bonn a bhaint de na gealltanais agus de na noirm atá ann cheana. Cuirfidh an tAontas go mór i gcoinne aon iarracht a dhéanfar an bonn a bhaint d'oibleagáidí na Stát faoin dlí idirnáisiúnta nó uilíocht chearta an duine a lagú. Bainfidh an tAontas úsáid as a bhosca uirlisí iomlán, lena n-áirítear córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, chun athrú a thabhairt i gcrích agus staid chearta an duine ar fud an domhain a fheabhsú. Cuirfidh an tAontas i gcoinne insintí bréagacha, lena n-áirítear maidir le bearta comhéigneacha aontaobhacha, bréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis.

13. Oibreoidh an tAontas chun deireadh a chur le sáruithe agus mí-úsáidí eile i réimse chearta an duine agus iad a chosc, lena n-áirítear trí bheith ar thús cadhnaíochta le **tionscnaimh ábhartha** an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus den Chomhairle um Chearta an Duine agus trí thacú le tionscnaimh mar sin. Le tionscnaimh thírshonracha, is féidir aird a dhíriú ar chásanna chearta an duine i dtíortha aonair i gcomhréir le noirm uilíocha, chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe sonracha, cuntasacht a chur chun cinn, nó cuidiú le feabhas a chur ar staid chearta an duine trí shainorduithe amhail sásraí neamhspleácha agus nósanna imeachta speisialta, agus Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le **tionscnaimh thírshonracha** i ndáil leis an Afganastáin, leis an mBealarúis, leis an mBurúin, le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC), leis an Eiritré agus le Maenmar. Coinneoidh sé súil ghéar ar thionscnaimh maidir le Poblacht na hAfraice Láir, le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, agus leis an tSeoirsia, lena n-áirítear réigiúin scarúnaíocha na hAbcáise agus na hOiséite Theas atá faoi fhorghabháil, Háítí, an Iaráin, Nicearagua, an Chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, an Rúis, an tSomáil, an tSúdáin, an tSiria, agus críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach, lena n-áirítear Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach i ngach idirphlé idirghníomhach tírshonrach le sealbhóirí sainorduithe nósanna imeachta speisialta agus i malartuithe eile chun aird a tharraingt ar chásanna sonracha eile maidir le cearta an duine, agus ar dhúshláin réigiúnacha faoi seach. Déanfaidh an tAontas obair leantach freisin ar na Seisiúin Speisialta is déanaí de chuid na Comhairle um Chearta an Duine. Beidh an tAontas ar thús cadhnaíochta i dtaca le tionscnaimh théamacha a chur síos maidir le pionós an bháis, saoirse reiligiúin nó creidimh agus cearta an linbh.

14. Leanfaidh an tAontas de chogadh foghach neamhdhleathach gan chúis gan údar na Rúise ar an **Úcráin** a cháineadh go neamhbhalbh. Leanfaidh an tAontas freisin de na sáruithe leanúnacha atá á ndéanamh ag an Rúis ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta san Úcráin a cháineadh go neamhbhalbh, amhail príosúnaigh chogaidh agus príosúnaigh shibhialtacha a chur chun báis go hachomair, coinneáil threallach, úsáid chórasach fhorleathan céastóireachta agus cineálacha eile drochíde, lena n-áirítear éigniú agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe eile a bhaineann le coinbhleacht. Is cúis mhór imní don Aontas an méadú atá ag teacht ar líon na sibhialtach a maraíodh agus a gortaíodh, mar gheall ar an úsáid a bhaineann an Rúis as ladrainn agus airm phléascacha, lena n-áirítear le héifeacht leathan limistéir i gceantair uirbeacha, agus ar bhonneagar sibhialtach ***eile*** agus sibhialtaigh. Chinn an Coimisiún Fiosrúcháin go bhfuil coireanna in aghaidh an chine dhaonna déanta ag údaráis na Rúise, is é sin, céasadh, fuadaigh fhorfheidhmithe, dúnmharú agus daoine a aistriú le forneart, agus coireanna cogaidh, lena n-áirítear díriú d’aon ghnó agus níos déine ar shibhialtaigh. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar an Rúis agus ar an mBealarúis deireadh a chur láithreach le díbirt leanaí agus aistriú le forneart, ar coireanna cogaidh iad – de réir an Choimisiúin Fiosrúcháin – chun stop a chur le huchtú neamhdhleathach leanaí ón Úcráin agus chun a áirithiú go bhfillfidh siad ar an Úcráin láithreach agus go sábháilte. Iarrann an tAontas ar an Rúis deireadh a chur láithreach le míleatú agus síolteagasc mhionaoisigh agus óige na hÚcráine de réir na dtuarascálacha is déanaí ó Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine maidir le staid chearta an duine san Úcráin. Tá an tAontas lántiomanta cuntasacht iomlán a áirithiú as gach coir idirnáisiúnta agus as gach sárú agus mí-úsáid ar chearta an duine a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise, lena n-áirítear imscrúduithe arna ndéanamh ag ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, agus go seasfar le cearta na n-íospartach chun ceartais, chun cúitimh agus chun ráthaíochtaí neamh-atarlaithe. Sa chomhthéacs sin, tugann an tAontas dá aire síniú coinbhinsiúin nua lena mbunaítear Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin agus iarrann sé go leanfaí den obair sin. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d’iarrachtaí breise a bhaineann leis an mBinse Speisialta maidir le Coir an Fhogha faoin Úcráin, agus leis an obair chun sásra cuimsitheach cúitimh a bhunú. Tacóidh an tAontas leis an gComhairle um Chearta an Duine agus í ag athnuachan shainordú an Choimisiúin Fiosrúcháin maidir leis an Úcráin. Iarrfaidh an tAontas ar an Rúis deireadh a chur lena fogha, na fórsaí agus an trealamh míleata uile a tharraingt siar ó chríoch iomlán na hÚcráine agus lánurraim a thabhairt do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin, fréamhaithe i bprionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta agus is díol sásaimh dó na hiarrachtaí uile atá á ndéanamh chun na críche sin.

15. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán agus de cháineadh a dhéanamh ar chóras struchtúrach na sáruithe ar chearta an duine sa **Rúis**, ar cuid iad den chos ar bolg inmheánach córasach státurraithe atá dul i dtreis, lena n-áirítear úsáid na coinneála treallaí agus úsáid fhorleathan chórasach céastóireachta agus drochíde. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí an spás sibhialta dúnta, ar líne agus as líne araon, agus cáinfidh sé an chniogbheartaíocht chórasach ar an tsochaí shibhialta, ar ghuthanna easaontacha agus ar na meáin neamhspleácha sa Rúis in éineacht leis an gcos ar bolg trasnáisiúnta. Tathantóidh an tAontas ar an Rúis deireadh a chur lena reachtaíocht dhiansmachtúil agus a reachtaíocht intíre a ailíniú leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Iarrfaidh an tAontas go scaoilfear saor agus go n-athshlánófar láithreach agus gan choinníoll iad siúd go léir atá á gcoinneáil go treallach, lena n-áirítear príosúnaigh pholaitiúla, agus iarrfaidh sé ar an Rúis deireadh a chur lena mí-úsáid pholaitiúil ar na breithiúna agus ar fhorfheidhmiú an dlí. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar an Rúis comhoibriú go hiomlán le sásraí uile na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta speisialta, sásraí imscrúdaitheacha agus sásraí réigiúnacha a bhaineann lena staid maidir le cearta an duine agus na rialuithe uile ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine atá fós gan réiteach a chur chun feidhme go hiomlán.

16. Cáineann an tAontas go géar na hollsáruithe córasacha forleathana i réimse chearta an duine sa **Bhealarúis**. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar údaráis na Bealarúise stop a chur le haon chineál cos ar bolg atá ar siúl aici. Tugann an tAontas dá aire gur scaoileadh saor roinnt príosúnach polaitiúil le déanaí agus leanfaidh sé de bheith ag tathant ar an mBealarúis gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor agus go n-athshlánófar láithreach iad gan choinníoll, lena n-áiritheofar na próisis bhreithiúnacha a réiteach nuair a scaoilfear saor iad agus lena gcuirfear deireadh le gach cineál ciaptha nó brú a bhféadfadh imeacht éigeantach, díbirt nó díothacht seirbhísí consalacha a bheith mar thoradh orthu. Tathantóidh an tAontas ar údaráis na Bealarúise deireadh a chur le pionós an bháis agus, mar chéad chéim, moratóir a thabhairt isteach. Iarrann an tAontas ar údaráis na Bealarúise dul i mbun fíor-idirphlé cuimsitheach le gach gné den tsochaí. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar an mBealarúis comhoibriú go hiomlán le sásraí faireacháin idirnáisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine freisin. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí tacú leis na hiarrachtaí uile i dtreo na cuntasachta agus le cearta na n-íospartach chun cúitimh, chun na fírinne agus chun ráthaíochtaí neamh-atarlaithe. Iarrfaidh an tAontas ar údaráis na Bealarúise stop a chur lena rannpháirtíocht i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus stop a chur le hionstraimiú na n-imirceach, i gcomhpháirt leis an Rúis, chun críoch polaitiúil. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun a áirithiú go leanfaidh staid chearta an duine atá ag dul in olcas sa Bhealarúis de bheith go hard ar chlár oibre na Comhairle um Chearta an Duine agus tacóidh sé le hobair an Rapóirtéara Speisialta agus an Ghrúpa Saineolaithe Neamhspleácha ar Staid Chearta an Duine sa Bhealarúis.

17. Cáineann an tAontas gach sárú ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta sa **chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil** ina hiomláine. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí don dlí idirnáisiúnta agus do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach bunaithe ar an réiteach dhá stát i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ina maireann dhá stát dhaonlathacha, Iosrael agus an Phalaistín, taobh le taobh faoi shíocháin laistigh de theorainneacha slána aitheanta, agus tacaíonn sé le hiarrachtaí taidhleoireachta sa treo sin atá fréamhaithe sa dlí idirnáisiúnta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir i gcónaí an gá atá le cabhair dhaonnúil a sheachadadh go tapa, go sábháilte agus gan bhac agus a dháileadh go marthanach ar an mórchóir isteach go Gaza agus ar fud Gaza. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na páirtithe uile rochtain dhaonnúil iomlán gan bhac ar Stráice Gaza a éascú chun freagairt do riachtanais phráinneacha an phobail, agus tathantóidh sé go ndéanfaí cabhair a dháileadh go héifeachtach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, go háirithe UNRWA. Iarrann an tAontas ar Iosrael gan an dlí maidir le clárú eagraíochtaí neamhrialtasacha mar atá sé faoi láthair a chur chun feidhme. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún Fiosrúcháin agus do shainorduithe ábhartha eile de chuid Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine atá gníomhach sa críoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile a gcuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú, agus athdhearbhaíonn sé nach mór cuntasacht a bheith ann as sáruithe ar na noirm sin. Meabhraítear don Aontas freisin gur gá na horduithe ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta, atá ceangailteach ó thaobh dlí, a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus tugann sé dá aire na tuairimí comhairleacha uaithi. Cáineann an tAontas go láidir an géarú breise a bhí ann le déanaí, tar éis an mhéadaithe ollmhóir atá tagtha ar fhoréigean na lonnaitheoirí i gcoinne shibhialtaigh Palaistíneacha, agus na beartais imeaglaithe agus bagairtí a bhaineann le heasáitiú agus ionghabháil le forneart, ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir, chomh maith leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta ar Iosrael. Iarrann an tAontas ar Rialtas Iosrael leathnú na lonnaíochtaí, atá neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta, a aisiompú, staonadh ó aon ionghabháil agus na lonnaitheoirí foréigneacha a thabhairt chun cuntais. Meabhróidh an tAontas gur ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 'Dearbhú Nua-Eabhrac' maidir le Ceist na Palaistíne a Shocrú go Síochánta agus maidir le Réiteach an Dá Stát a Chur Chun Feidhme. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir an ról ríthábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta maidir le hidirphlé a chur chun cinn idir Iosrael agus na Palaistínigh i ndáil le cearta an duine, leis an tsíocháin agus le réiteach cuimsitheach cóir ar an gcoinbhleacht. Tá súil ag an Aontas nach gcuirfear isteach ar an gcomhar leis an tsochaí shibhialta ná le heagraíochtaí neamhrialtasacha amach anseo.

18. Is cúis mhór imní i gcónaí atá i staid chearta an duine san **Iaráin**, go háirithe an méadú leanúnach atá ag teacht ar bhásuithe agus na tuairiscí ar thaismigh i léirsithe inar chuir muintir na hIaráine a n-uaillmhian dhlisteanach in iúl maidir le saol níos fearr, saoirse agus dínit a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas den úsáid a bhaineann fórsaí slándála as foréigean, coinneáil threallach agus oirbhearta imeaglaithe i gcoinne léirsitheoirí a cháineadh. Iarrfaidh an tAontas ar rialtas na hIaráine deireadh a chur le daoine a chur chun báis agus beartas comhsheasmhach a shaothrú chun pionós an bháis a dhíothú. Iarrann an tAontas ar an Iaráin deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe, sa dlí agus sa chleachtas, i gcoinne na mban agus na gcailíní chomh maith le daoine ar de mhionlaigh eitneacha, reiligiúnacha, teanga nó de mhionlaigh eile iad. Is cúis imní don Aontas i gcónaí na srianta ar an tsaoirse tuairimíochta agus cainte agus ar an tsaoirse comhthionóil, as líne agus ar líne. Ba cheart saorshreabhadh faisnéise agus rochtain ar an idirlíon a chur i bhfeidhm. Ba cheart gach duine a gabhadh as ucht a gcearta a fheidhmiú go síochánta a scaoileadh saor láithreach. Is cúis mhór imní don Aontas ciapadh agus bearta díoltais, lena ndírítear go háirithe ar easaontaigh, ar dhaoine ar de mhionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha iad agus orthu siúd a chosnaíonn cearta an duine, go háirithe trí chos ar bolg trasnáisiúnta, lena n-áirítear ar chríoch an Aontais. Cuireann an tAontas in iúl gur cúis imní dó méid ollmhór na nAfganastánach atá ag filleadh ón Iaráin, lena n-áirítear filleadh éigeantach. Iarrann an tAontas ar an Iaráin próis chuí agus ráthaíochtaí maidir le triail chóir a chur ar fáil do gach duine atá á choinneáil. Éilíonn an tAontas go scaoilfí saor láithreach agus gan choinníoll gach saoránach atá á choinneáil go treallach san Iaráin, lena n-áirítear saoránaigh an Aontais agus dénáisiúnaigh, agus iarrann sé ar údaráis na hIaráine deireadh a chur leis an gcleachtas anacrach maidir le saoránaigh eachtracha a choinneáil chun críoch polaitiúil. Tathantaíonn an tAontas ar an Iaráin freisin cloí lena hoibleagáidí faoi Choinbhinsiúin Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta agus Consalachta, chomh maith leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.

19. Cáineann an tAontas go láidir na sáruithe agus na mí-úsáidí ar chearta an duine san **Afganastáin**. Áirítear ar na sáruithe sin foréigean inscnebhunaithe, an t-idirdhealú ollmhór inscnebhunaithe a dhéanann an Talaban in aghaidh na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear an ceart chun oideachais do mhná agus do chailíní os cionn ghrád 6 a dhiúltú, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse gluaiseachta agus an tsaoirse oibre a dhiúltú, lena n-áirítear an toirmeasc ar mhná a bheith ag obair d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do na Náisiúin Aontaithe. D'fhéadfadh na sáruithe córasacha sin ar chearta na mban agus na gcailíní a bheith ina ngéarleanúint inscne, ar coir in aghaidh an chine dhaonna í faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a bhfuil an Afganastáin ina stát is páirtí ann. Leanfaidh an tAontas de bhrú a chur chun a áirithiú go mbeidh cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha ag mná agus cailíní na hAfganastáine, go hiomlán agus go cothrom, chomh maith lena gcumhachtú, lena rannpháirtíocht fhóinteach shábháilte agus lena gceannaireacht i ngach réimse den tsochaí agus den saol poiblí, go háirithe faoi chuimsiú phróiseas Doha, agus chun a áirithiú go gcosnófar iad ar gach cineál foréigin. Iarrfaidh an tAontas freisin go gcosnófar cearta daoine ar de mhionlaigh iad, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, ar nós na Hasárach, daoine atá i staideanna leochaileacha chomh maith le daoine LADT. Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil gá le próiseas polaitiúil a bheith ann atá faoi stiúir na hAfganastáine lena n-áireofar na hAfganastánaigh uile, le rannpháirtíocht chomhionann fhóinteach na mban, chun síocháin, cobhsaíocht agus rathúnas inbhuanaithe a áirithiú. Tacóidh an tAontas le Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe san Afganastáin (UNAMA) faoina shainordú cuimsitheach a bhfuil cearta an duine ina chomhchuid mhór de mar aon le sainordú an Rapóirtéara Speisialta maidir le staid chearta an duine san Afganastáin. Tar éis don Chomhairle um Chearta an Duine sásra nua cuntasachta a chruthú don Afganastáin, tacóidh an tAontas leis na Náisiúin Aontaithe chun a áirithiú go gcuirfear an sainordú i bhfeidhm a luaithe is féidir agus go maoineofar go leordhóthanach é.

20. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cur in iúl gur cúis imní dó staid chearta an duine sa **tSín**, lena n-áirítear sa Tibéid, san Ion□Mhongóil, i Hong Cong agus in Xinjiang. Tathantóidh an tAontas ar an tSín dul i dteagmháil le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe agus lena Oifig ar bhealach cuiditheach, agus leis na sásraí idirnáisiúnta uile um chearta an duine chomh maith, lena n-áirítear i dtreo chur chun feidhme na moltaí a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil mheasúnaithe maidir leis na sáruithe ar chearta an duine in Xinjiang. Díreoidh an tAontas ar theachtadh iomlán chearta an duine agus ar fheidhmiú na saoirsí bunúsacha, go háirithe an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhlachais agus an chomhthionóil shíochánta; an tsaoirse reiligiúin nó creidimh, lena n-áirítear an ceart atá ag pobail reiligiúnacha a ngnóthaí a bhainistiú gan chur isteach agus a gceannairí reiligiúnacha a roghnú gan bhac; cearta na mban agus na gcailíní a chosaint; an fhéiniúlacht chultúrtha a chaomhnú; agus deireadh a chur leis an saothar éigeantais. Déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán i gcónaí ar staid na sochaí sibhialta agus ar chásanna aonair de chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair i gcomhar le sásraí na Náisiún Aontaithe, chomh maith leo siúd a chiaptar, a imeaglaítear agus a ndéantar faireachas orthu, lena n-áirítear an brú faoi chois trasnáisiúnta. Iarrfaidh an tAontas an athuair ar an tSín prionsabal an *non-refoulement* a urramú agus staonadh ó ghníomhaíochtaí seach-chríochacha (lena n-áirítear an comhéigean) nach bhfuil i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Tathantóidh an tAontas ar an tSín cearta an duine do chách a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear na hUigiúraigh, na Tibéidigh agus daoine ar de mhionlaigh eitneacha, reiligiúnacha agus teanga nó de mhionlaigh eile iad. Maidir le Hong Cong, athdhearbhóidh an tAontas gur cúis imní dó úsáid dhiansmachtúil na reachtaíochta slándála náisiúnta agus tathantóidh sé ar an tSín a gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí ardleibhéal neamhspleáchais Hong Cong a athbhunú faoin bprionsabal 'aon tír amháin, dhá chóras'. I gcás inar féidir, agus lánurraim á tabhairt do chearta uilíocha an duine, beidh an tAontas fós sásta obair a dhéanamh leis an tSín, lena n-áirítear i suíomhanna iltaobhacha.

21. Iarrfaidh an tAontas ar údaráis **DPDC** bearta nithiúla a dhéanamh chun deireadh a chur lena sáruithe tromchúiseacha córasacha forleathana ar chearta an duine mar a mheabhraítear i rún 80/220 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Tathantaíonn an tAontas ar DPDC cearta an duine, na saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. Athdhearbhóimid gur gá cuntasacht a áirithiú as sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear trí bhreithniú a dhéanamh ar tharchur chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Molfaidh an tAontas do DPDC gníomhaíocht chuiditheach a dhéanamh agus páirt a ghlacadh in idirphlé leis an gcomhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear i gcóras na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus leis an Rapóirtéir Speisialta.

22. Meabhraítear don Aontas oibleagáid na **Seoirsia** feidhmiú na saoirsí bunúsacha a chumasú, agus tathantaíonn sé ar an tSeoirsia an reachtaíocht a rinneadh le déanaí a aisghairm nó a athbhreithniú go substaintiúil, ar reachtaíocht í atá bunoscionn le hoibleagáidí na Seoirsia faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus lena gcuirtear srian míchuí ar an tsaoirse comhthionóil, comhlachais nó cainte, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán, nó lena sáraítear an tsaoirse sin. Is cúis imní don Aontas úsáid pholaitiúil an chórais ceartais agus na n-imscrúduithe coiriúla i gcoinne Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta. Leanfaidh an tAontas de na gabhálacha treallacha agus an brú faoi chois/an t-ionchúiseamh atá ag dul i méid a cháineadh go láidir, lena n-áirítear ceannairí an fhreasúra, iriseoirí neamhspleácha agus oibrithe sna meáin, agus gníomhaithe na sochaí sibhialta a bheith á gcur i bpríosún, ar ceann de na nithe é is cúis le cúlú an daonlathais agus an smachta reachta sa tSeoirsia. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar údaráis na Seoirsia gach duine atá á choinneáil go treallach a shaoradh láithreach agus gan choinníoll. Meabhróidh sé an toirmeasc iomlán ar chéastóireacht agus ar dhrochíde, agus leagfaidh sé béim ar a thábhachtaí atá sé deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós i gcás sáruithe arna ndéanamh ag údaráis forfheidhmithe dlí.

23. Maidir le **Maenmar/Burma**, leanfaidh an tAontas de gach foréigean i gcoinne sibhialtach a cháineadh agus leanfaidh sé de bheith ag iarraidh go gcuirfí deireadh leis, go scaoilfí saor gach duine atá á choinneáil go treallach, go háirithe iad siúd a coinníodh de thoradh an *coup* míleata 2021, agus go mbeadh cobhsaíocht agus athmhuintearas síochánta ann. Iarrfaidh an tAontas go mbunófaí bealach daonlathach go pras a bheidh trédhearcach, cuimsitheach agus inchreidte agus, i ndáil leis an méid sin, tacóidh sé le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe agus ASEAN go fóill, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán rún CSNA 2669 (2022) agus Chomhdhearcadh Cúig Phointe ASEAN. Diúltóidh an tAontas d'aon toghcháin nach bhfuil saor ná cothrom, agus d'aon toghcháin darb aidhm an t-arm a dhlisteanú gan riachtanais próisis dhaonlathaigh a chomhlíonadh. Iarrfaidh an tAontas go mbeadh níos mó comhleanúnachais ann i ndáil le seasaimh ar fud chóras na Náisiún Aontaithe agus ar an láthair. Leanfaidh sé de bheith ag tacú leis an gceartas agus leis an gcuntasacht as gach sárú agus mí-úsáid i réimse chearta an duine, lena n-áirítear foréigean gnéis agus foréigean inscnebhunaithe a bhaineann le coinbhleacht, cos ar bolg agus spriocdhíriú neamh-idirdhealaitheach ar shibhialtaigh. Iarrfaidh sé rochtain dhaonnúil iomlán agus gan bhac ar gach duine atá i ngátar. Tabharfaidh an tAontas tacaíocht don mhaolú ar an bhforéigean agus d'aisiompú mhíleatú méadaitheach na sibhialtach, lena n-áirítear Róihinsí i Rakhine agus i gcampaí dídeanaithe. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do shásraí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe um staid chearta an duine i Maenmar agus Toscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Maenmar chomh maith le sásraí cuntasachta, go háirithe an Sásra Imscrúdaitheach Neamhspleách maidir le Maenmar.

24. Is cúis mhór imní don Aontas na sáruithe forleathana ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí um chearta an duine ar fud na **Súdáine** a taifeadadh i dtuarascálacha iomadúla, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe ar mórscála, maruithe ar chúiseanna eitneacha, an t-ocras a úsáid mar mhodh cogaíochta, sáruithe ar chearta an linbh agus easáitiú ar mórscála. Leanfaidh an tAontas de na hainghníomhartha sin go léir a cháineadh go haonchiallach, a bhfuil go leor acu fostaithe go córasach agus ar scála scanrúil agus a raibh tionchar tubaisteach acu ar an bpobal sibhialta, go háirithe ar mhná agus ar leanaí agus ar dhaoine eile atá i staideanna leochaileacha. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na páirtithe uile sa choinbhleacht tús a chur athuair leis an gcaibidlíocht i dtreo sos cogaidh marthanach láithreach, urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus don dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, chomh maith le ceannasacht, aontacht agus iomláine chríochach na Súdáine. Leagfaidh an tAontas béim ar chosaint na sibhialtach, an bhonneagair shibhialtaigh, na n-oibrithe daonnúla agus na rochtana daonnúla, ar nithe iad nár cheart a bheith ag brath ar shos cogaidh. Díreoidh an tAontas ar chuntasacht a áirithiú as coireanna ainghníomhacha a dhéantar sa tír, lena n-áirítear go leor díobh a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna cogaidh agus ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna. Tacóidh an tAontas le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus na Náisiún Aontaithe agus iarrfaidh sé ar an tSúdáin comhoibriú leis an Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíoras maidir leis an tSúdáin.

25. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí na sáruithe agus na mí-úsáidí forleathana atá á ndéanamh ag na páirtithe uile in **Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó**. Áirítear orthu sin maruithe seachbhreithiúnacha, básuithe achomair nó treallacha, foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, agus earcú agus úsáid saighdiúirí linbh. Ní mór dúinn a áirithiú go dtabharfar déantóirí uile na sáruithe agus na mí-úsáidí ar chearta an duine, chomh maith le sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, chun cuntais. Is soiléire ná riamh, i ngeall air sin, go bhfuil géarghá le cistiú leordhóthanach a chur ar fáil don Choimisiún Neamhspleách Fiosrúcháin maidir le sáruithe ar chearta an duine sa dá chúige Kivu, a sainordaíodh le rún ón gComhairle um Chearta an Duine in 2025.

26. Leanann **muintir na Siria** d'aghaidh a thabhairt chun cinn agus iad ag iarraidh dínit, saoirse agus ceartas a bhaint amach. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí d'aistriú cuimsitheach faoi stiúir na Siria agus faoi úinéireacht na Siria, a bheidh saor ó chur isteach eachtrach díobhálach. Is den ríthábhacht a bheidh an chuntasacht, próiseas ceartais idirthréimhsigh cuimsitheach agus an urraim do chearta an duine, lena n-áirítear cearta na ndaoine a bhaineann leis na pobail reiligiúnacha, chun síocháin agus athmhuintearas inbhuanaithe a bhaint amach. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá an chuimsitheacht, ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an staid dhaonnúil agus slándála, agus spás sibhialta iolraíoch, lena n-áirítear na meáin shaora neamhspleácha agus pobal diaspóra na Siria, nó is príomhchoinníollacha iad chun go n-éireoidh leis an aistriú sin. Tathantaíonn an tAontas ar na gníomhaithe uile staonadh ó aon fhoréigean breise chun sábháilteacht agus cosaint na sibhialtach uile a áirithiú, agus seasamh leis an dlí idirnáisiúnta, agus le cearta uilechoiteann an duine chomh maith, lena n-áirítear cearta na mban agus cearta an linbh. Ní mór iad siúd atá freagrach as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta nó as sáruithe agus mí-úsáidí i réimse chearta an duine -cé acu ar sáruithe iad a rinneadh san am a caitheadh nó atá á ndéanamh san am i láthair - a thabhairt chun cuntais agus a thabhairt os comhair na cúirte. Iarrann an tAontas go ndéanfaí cearta an duine, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar inscne, eitneacht nó reiligiún, a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh do mhuintir uile na Siria gan idirdhealú d'aon chineál. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt leis an gCoimisiún Fiosrúcháin agus leis an Sásra Idirnáisiúnta Neamhchlaonta agus Neamhspleách agus leis an Institiúid Neamhspleách um Dhaoine atá ar Iarraidh. Iarrann an tAontas ar na heintitis sin de chuid na Náisiún Aontaithe leanúint de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na hinstitiúidí náisiúnta ábhartha agus d'iarrachtaí náisiúnta a chomhlánú. Iarrann an tAontas an athuair go n-athnuafaí sainordú an Choimisiúin Fiosrúcháin, agus iarrann sé ar údaráis idirthréimhseacha na Siria a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán gan bac gan srian ag an Sásra Idirnáisiúnta Neamhchlaonta agus Neamhspleách agus leis an Institiúid Neamhspleách um Dhaoine atá ar Iarraidh ar an tSiria.

27. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair lena chomhpháirtithe, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, agus le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile, chun aistriú daonlathach caibidlithe, síochánta, cuimsitheach a chothú i **Veiniséala**, lena léireofar toil mhuintir Veiniséala, agus lánurraim á tabhairt do cheannasacht agus d'iomláine chríochach Veiniséala. Leanfaidh an tAontas d'idirphlé cuimsitheach a chur chun cinn a bheidh faoi stiúir Veiniséala, a bhféadfadh réiteach síochánta daonlathach ar an ngéarchéim ilghnéitheach teacht as. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh go mbeadh toghcháin chothroma, inchreidte, thrédhearcacha ann agus go n-urramófaí na noirm dhaonlathacha, agus go dtuigtear a thábhachtaí atá siad chun an ghéarchéim pholaitiúil a réiteach. Leanfaidh an tAontas de bheith ag éileamh go scaoilfí saor gach príosúnach polaitiúil agus go gcuirfí deireadh leis an gcoinneáil threallach, lena n-áirítear coinneáil dénáisiúnach agus saoránach eachtrach. Ní mór deireadh a chur leis an gcos ar bolg pholaitiúil, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach sna hionaid choinneála, go háirithe i gcás chosantóirí chearta an duine agus iriseoirí. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'urramú iomlán na saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear na cearta chun comhthionóil shíochánta, chun comhlachais agus chun saoirse tuairimí a nochtadh. Tathantaíonn an tAontas ar Veiniséala páirt chuiditheach a ghlacadh i sásraí uile chearta an duine, lena n-áirítear Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus Oifig Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Molann an tAontas go ligfí d'Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine filleadh ar an tír ar bhealach fiúntach. I ngach uile chás, ní mór seasamh leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe.

28. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do **Háítí** chun aghaidh a thabhairt ar a ghéarchéim dhaonnúil, cearta an duine a chur chun cinn, foréigean míchuibheasach a dhéanann grúpaí coiriúla armtha a chomhrac, agus an daonlathas agus an smacht reachta a athbhunú. Leanfaidh an tAontas freisin d'Údaráis Háítí a spreagadh chun dul chun cinn a dhéanamh ar an mbealach i dtreo toghcháin chothroma shaora.

29. Cé go dtugann an tAontas dá aire an dul chun cinn a rinneadh i réimse na gceart eacnamaíoch agus sóisialta, lena n-áirítear maidir leis an gciorrú ball giniúna ban a chomhrac, is cúis imní dó i gcónaí an staid san **Eiritré** maidir le raon leathan sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear an cleachtas maidir le seirbhís náisiúnta go ceann tréimhse éiginnte agus an coinscríobh treallach, chomh maith leis an gcoinneáil threallach, an fuadach forfheidhmithe, céasadh, agus dálaí mídhaonna príosúin, mar aon leis an tsaoirse fhorleathan ó phionós. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar an Eiritré seasamh le Cairt na Náisiún Aontaithe, a hoibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus spreagfaidh sé an Eiritré a comhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe a neartú, lena n-áirítear dul i mbun idirphlé cuiditheach maidir le cearta an duine.

30. Coinneoidh an tAontas súil ghéar ar staid chearta an duine san **Asarbaiseáin**, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do shíocháin inbhuanaithe mharthanach idir an Airméin agus an Asarbaiseáin.

31. Ina theannta sin, táthar ag dréim go gcloífidh **an Tuirc**, agus í ina tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas agus ina ball seanbhunaithe de Chomhairle na hEorpa, lena gealltanais faoi seach agus lena hoibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine.

32. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht láidir a thabhairt don chlár oibre comhionannais trí na fóraim iltaobhacha uile. Molfaidh an tAontas go láidir go ndéanfaí iarrachtaí ar son **an chomhionannais inscne**, ar son chearta uile an duine agus a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chomhionannas inscne a phríomhshruthú i gcomhthéacsanna tíre agus téamacha. Tacóidh an tAontas le cur chuige uaillmhianach athraitheach chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus ar na tosca riosca a bhaineann leis an neamh-chomhionannas inscne, le hidirdhealú agus le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú iomlán ghné na hinscne a chur chun cinn i dtionscnaimh shíochána agus shlándála, lena n-áirítear trí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus rúin ina dhiaidh sin a chur chun feidhme, trí rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach le linn thimthriall iomlán na coinbhleachta. Bainfidh an tAontas leas as gach deis sna fóraim ábhartha uile leanúint de na gealltanais sin a chomhlíonadh. Cuirfidh an tAontas go láidir i gcoinne aon ghníomhaíocht nó togra lena bhféachtar leis an mbonn a bhaint de na gealltanais agus na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh nach mbainfear an bonn a thuilleadh den chomhionannas inscne, agus go dtabharfar aghaidh go pras ar na bearnaí atá ann cheana. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh an tAontas de bheith ar an airdeall maidir le hiarrachtaí chun teanga a bhaineann leis an gcomhionannas inscne a bhaint, a athrú nó míthuiscint a bhaint aisti, maidir le cearta an duine a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus maidir lena gcumhachtú, agus maidir le hidirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne. Leanfaidh an tAontas de bheith ar an airdeall freisin maidir le hiarrachtaí chun teanga a bhaineann le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a bhaint, a athrú nó míthuiscint a bhaint aisti, mar a shainaithnítear i mír 34 den Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt (féach an mhír seo a leanas).

33. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhall, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do **shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe** agus na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith aige ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach i leith an mhéid sin. An athuair, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a riachtanaí atá an rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.

34. Cuirfidh an tAontas cosc agus díothú gach cineáil foréigin, lena n-áirítear **foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe** ar líne agus as líne araon, chomh maith le híospartaigh agus marthanóirí a chosaint agus ciontóirí a phionósú, cuirfidh an tAontas an méid sin i gcroílár a chuid iarrachtaí chun comhionannas inscne a bhaint amach. Cuirfidh an tAontas cineálacha cur chuige uile-shochaí chun cinn chun fir agus buachaillí a rannpháirtiú mar chomhghuaillithe agus mar thairbhithe sna hiarrachtaí chun deireadh a chur leis an neamhionannas inscne uile, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar dhlíthe idirdhealaitheacha, agus trí steiréitíopaí inscne agus noirm shóisialta idirdhealaitheacha a chomhrac, agus trí steiréitíopaí inscne a chomhrac. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do **rannpháirtíocht chomhionann iomlán éifeachtach fhóinteach a bheith ag mná agus an óige**, ina n-éagsúlacht uile, agus i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, 2020–2027. Tacóidh an tAontas le tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais do thimpeallacht shábháilte chumasúcháin d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chosantóirí chearta an duine ar mná iad a fhéachann, ina gcáil phearsanta nó ghairmiúil, le cearta an duine agus comhionannas inscne a chosaint agus a chur chun cinn nó a thairgeann seirbhísí cosanta do mhná agus do chailíní ar sáraíodh a gcearta

35. Seasann an tAontas leis an gceart chun **saoirse tuairimíochta agus saoirse chun tuairimí a nochtadh** ar líne agus as líne araon. Leanfaidh an tAontas de bheith ar son na gceart sin bunaithe ar a thionscnaimh cheannródaíocha agus ar chaighdeáin ardleibhéil chun tacú le hearnáil meán atá iolraíoch, neamhspleách agus athléimneach in aghaidh géarchéimeanna. Áirítear orthu sin go háirithe an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, an Treoir Frith-SLAPP (cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí), an Gníomh um Margaí Digiteacha agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Leanfaidh an tAontas de bheith diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do shaoirse na meán agus do cheart na n-iriseoirí agus oibrithe na meán dálaí sábháilte a bheith acu agus iad ag obair, gan eagla roimh chiapadh, bagairtí ná foréigean, ar líne agus as líne araon. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun a áirithiú go mairfidh meáin shaora, neamhspleácha agus iolraíocha ar fud an domhain, ar bunchloch an daonlathais iad. Oibreoidh an tAontas chun sláine faisnéise agus athléimneacht na sochaí a neartú, lena n-áirítear an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha, iontaofa agus chruinn. I gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, cuirfidh an tAontas i gcoinne na bréagaisnéise agus gníomhaíochtaí ionramhála eachtraí ar fhaisnéis. Leanfaidh an tAontas de leas a bhaint as raon iomlán na n-uirlisí atá ar fáil chun gníomhaíochtaí bréagaisnéise a chosaint, a chosc, a dhíspreagadh agus chun freagairt orthu, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt do na meáin shaora neamhspleácha agus trí dhíriú ar litearthacht chriticiúil sna meáin. I bhfianaise freagairtí níos díréirí agus níos foréigní ar agóidí ar fud an domhain, déanfaidh an tAontas an ceart **chun saoirse comhthionóil shíochánta** agus **chun saoirse comhlachais** a chur chun cinn. Tacóidh an tAontas leis **an tsaoirse acadúil** agus le neamhspleáchas na n-institiúidí ardoideachais, áit inar féidir smaointe a bheith faoi bhláth agus inar dúshlán a thabhairt dóibh go sábháilte.

36. Tacóidh an tAontas go gníomhach le **sochaí shibhialta** atá éagsúil neamhspleách, agus lena rannpháirtíocht thábhachtach i bhfóraim uile na Náisiún Aontaithe, agus déanfaidh sé í a chur chun cinn agus a chumhachtú. Cáinfidh an tAontas go láidir aon chineál díoltais a dhéanfar ar **chosantóirí chearta an duine** agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear na cosantóirí siúd a chomhoibríonn leis na Náisiúin Aontaithe i bhfoirm ar bith. Beidh an tAontas airdeallach ar na rioscaí sonracha atá os comhair na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear catagóirí áirithe a ndéantar idirdhealú, foréigean agus ciapadh orthu go minic, agus beidh sé ina phríomhghníomhaí maidir le timpeallacht shábháilte chumasúcháin a chur chun cinn dóibh. Cáinfidh an tAontas go láidir gach cineál **cos ar bolg trasnáisiúnta**, agus iarrfaidh sé ar na Stáit uile seasamh lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine trína áirithiú go mbeidh daoine aonair de thionscnamh tíortha eile a bhfuil cosaint á lorg acu ina gcríoch saor ó bhagairtí agus ó chur isteach trasteorann. Ina theannta sin, cuirfidh an tAontas i gcoinne bearta dlíthiúla agus riaracháin lena laghdaítear an spás sibhialta, ar nós bacainní ar chlárú eagraíochtaí neamhrialtasacha, srianta ar rochtain ar acmhainní, rialacha grinnfhiosrúcháin dochraideacha agus ceanglais throma tuairiscithe.

37. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh go daingean i gcoinne gach cineáil **idirdhealaithe**, agus de dhlús a chur leis an ngníomhú ina choinne, agus aird ar leith á tabhairt ar fhoirmeacha iolracha trasnacha idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú, do theidlíocht gach duine réimse iomlán chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a theachtadh, agus do chosaint a thabhairt dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe. Glacfaidh an tAontas páirt chuiditheach chomhsheasmhach i sainorduithe de chuid na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar an bhforéigean agus ar gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus leanfaidh sé de thacaíocht láidir a thabhairt d'obair na Náisiún Aontaithe. Athdhearbhóidh an tAontas a ghealltanas teachtadh iomlán agus comhionann chearta uile daoine LADTI a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus cuirfidh sé in iúl gur cúis mhór imní dó na rátaí scanrúla foréigin, idirdhealaithe, fuathchainte agus stiogmataithe ina gcoinne. Leanfaidh an tAontas de cháineadh láidir a dhéanamh ar dhlíthe, beartais agus cleachtais idirdhealaitheacha i gcoinne daoine LADTI. Tacóidh an tAontas le díchoiriúlú uilíoch caidrimh thoilteanaigh chomhghnéis mar thosaíocht. Iarrfaidh an tAontas go gcuirfear deireadh ar fud an domhain le haon chineál foréigin i gcoinne daoine LADTI.

38. Maidir le **teicneolaíochtaí digiteacha agus an intleacht shaorga**, athdhearbhaíonn an tAontas nach mór na cearta céanna atá ag daoine as líne a chosaint ar líne freisin agus an méid sin a dhéanamh i gcomhthéacs na dteicneolaíochtaí digiteacha, agus go bhfuil gá le coimircí láidre chun cosaint chearta an duine a ráthú. Cuirfidh an tAontas cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail dhaonlathacha chun cinn go gníomhach **sa spás digiteach**. Leanfaidh an tAontas de chur chuige a chur chun cinn atá bunaithe ar chearta an duine agus atá dírithe ar an duine sa réimse digiteach, lena n-áirítear maidir leis **an intleacht shaorga**, agus le teicneolaíochtaí nua eile atá ag teacht chun cinn. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na páirtithe leasmhara ábhartha uile an díobháil a dhéanann na teicneolaíochtaí sin a chosc agus staonadh óna n-úsáid má sháraíonn siad cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha nó má sháraíonn siad an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus iarrfaidh an tAontas ar na Stáit uile an spás sibhialta ar líne a chosaint, agus tacóidh sé le hidirlíon atá oscailte, saor, cuimsitheach, sábháilte, domhanda, idir-inoibritheach agus slán do chách agus dá bhunús il-gheallsealbhóirí a chosaint. Tacóidh an tAontas le hurraim don phríobháideachas agus cuirfidh sé an ceart chun príobháideachais agus an ceart go gcosnófaí sonraí chun cinn.

39. Meabhrófar don Aontas go seasann sé ar bhonn prionsabail i gcoinne **phionós an bháis i ngach cás agus i ngach imthoisc**. Iarrfaimid ar gach tír a chuireann pionós an bháis i bhfeidhm deireadh a chur leis, nó moratóir a choinneáil nó a thabhairt isteach mar chéad chéim i dtreo a dhíothaithe, agus iarrfaimid orthu siúd atá ag smaoineamh ar é a thabhairt isteach arís staonadh ón gcéim siar sin a ghlacadh. Cáinfidh an tAontas go láidir agus go haonchiallach cur i bhfeidhm phionós an bháis, lena n-áirítear i gcásanna ina sáraítear íoschaighdeáin idirnáisiúnta, tacóidh sé go láidir leis na rúin ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe, agus iarrfaidh sé go n-áiritheofar go gcuirfear toirmeasc ar dhíothú treallach beatha, lena n-áirítear básuithe seachbhreithiúnacha. Déanfaidh an tAontas daingniú breise ar an Dara Prótacal Roghnach don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla a chur chun cinn, arb é is aidhm dó pionós an bháis a dhíothú.

40. Leanfaidh an tAontas de gach gníomh céastóireachta agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a cháineadh, cibé áit a dtarlóidh siad, agus labhróidh sé amach i gcoinne gabhálacha treallacha agus coinneáil threallach, chomh maith le fuadaigh fhorfheidhmithe. Déanfaidh an tAontas feasacht a mhúscailt maidir leis an méadú atá tagtha ar úsáid na **céastóireachta agus** na drochíde mar mhodh chun an t-easaontú polaitiúil a neamhniú agus spás na sochaí sibhialta a shrianadh. Iarrfaidh sé an athuair go ndéanfaí Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis a dhaingniú ar bhonn uilíoch agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Leanfaidh an tAontas den Chomhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil Gan Chéastóireacht a chur chun cinn agus breithneoidh sé céimeanna breise chun toirmeasc a chur ar thrádáil dhomhanda in earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil acu seachas ar mhaithe le pionós an bháis, céastóireacht nó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Athdhearbhóidh an tAontas go bhfuil rún daingean aige dul chun cinn a dhéanamh maidir le **fuadaigh fhorfheidhmithe** a dhíothú, ag tógáil ar an méid a bhain an Chéad Chomhdháil Dhomhanda maidir le Fuadaigh Fhorfheidhmithe amach.

41. Athdhearbhóidh an tAontas a thiomantas daingean an ceart chun **saoirse reiligiúin nó creidimh** a chur chun cinn agus a chosaint do gach duine ar fud an domhain. Cuirfidh an tAontas chun cinn an ceart atá ag gach duine reiligiún nó creideamh a bheith aige nó gan a bheith aige, a reiligiún nó a chreideamh a athrú, nó é a léiriú ina aonar nó i gcomhluadar le daoine eile agus go poiblí nó go príobháideach, agus cosnóidh sé an ceart sin. Cáinfidh an tAontas idirdhealú, éadulaingt, foréigean agus géarleanúint atá bunaithe ar fhorais reiligiúin nó creidimh, agus diúltóidh sé d'aon chineál gríosaithe chun fuatha reiligiúnaigh. Leanfaidh an tAontas de chultúr na caoinfhulaingthe reiligiúnaí, na hurraime don éagsúlacht agus na comhthuisceana a chur chun cinn, agus an t-idirphlé idirchreidimh agus idirchultúrtha a chothú mar uirlisí riachtanacha le go mbeimid in ann cómhaireachtáil go síochánta lena chéile.

42. I bhfianaise chomóradh 60 bliain an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, leanfaidh an tAontas de bheith ag gníomhú go cuiditheach i dtaca le gach tionscnamh a bhaineann le haon chineál **ciníochais**, idirdhealaithe chiníoch, seineafóibe agus éadulaingthe gaolmhaire a chomhrac ar fud an domhain. Ag an am céanna, meabhróidh an tAontas a sheasamh seanbhunaithe maidir lena riachtanaí atá sé daingniú uilíoch agus cur chun feidhme iomlán éifeachtach an Choinbhinsiúin a áirithiú, agus maidir lena riachtanaí atá sé Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban a chur chun feidhme agus na sásraí trína ndéantar obair leantach air a bharrfheabhsú agus a chuíchóiriú. Leanfaidh an tAontas de pháirt fhóinteach a ghlacadh sa chaibidlíocht ar dhréachtdearbhú ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cearta daonna daoine de bhunús na hAfraice a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé meáite ar an gciníochas a chomhrac, lena n-áirítear trí Straitéis Frithchiníochais an Aontais (2026-2030).

43. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta **cearta daoine faoi mhíchumas** a chur chun cinn agus a phríomhshruthú ar fud a chuid gníomhaíochtaí seachtracha, lena n-áirítear tríd an tionscnamh atá ar na bacáin maidir le 'Feabhas a chur ar an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas suas go dtí 2030'. Cuirfimid dlús leis na hiarrachtaí chun a áirithiú gur féidir le gach duine faoi mhíchumas a chearta a theachtadh ar bhonn comhionann le daoine eile, lena n-áirítear i gcás coinbhleachtaí armtha agus géarchéimeanna daonnúla, agus go ndéanfar iad a rannpháirtiú agus a chuimsiú go hiomlán, go héifeachtach agus go fónta i ngach gné den saol sóisialta, cultúrtha, oideachais, eacnamaíoch, sibhialta agus polaitiúil, lena n-áirítear trína gcumhachtú agus a gceannaireacht a chur chun cinn. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le Straitéis na Náisiún Aontaithe um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas agus seasann sé leis na moltaí ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir lena cur chun feidhme.

44. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na stáit uile cearta daonna gach duine ar de **mhionlaigh** náisiúnta nó eitneacha, reiligiúnacha agus teanga iad a urramú, a chosaint agus a chomhall, lena n-áirítear i ngach fóram ábhartha. Cuirfidh an tAontas chun cinn a gceart chun páirt éifeachtach a ghlacadh sa saol cultúrtha, reiligiúnach, sóisialta, eacnamaíoch agus poiblí. Cuirfidh an tAontas i gcoinne gach cineál gríosaithe chun foréigin nó fuatha agus cuirfidh sé i gcoinne na fuathchainte, bíodh sin ar líne nó as líne, agus, ag an am céanna, caomhnóidh sé an ceart chun saoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

45. Leanfaidh an tAontas de **chearta an linbh** a chur chun cinn, agus tabharfaidh sé tús áite do chosaint leanaí ar gach cineál foréigin, lena n-áirítear foréigean sa timpeallacht dhigiteach, agus do chur chun cinn na rochtana uilíche ar oideachas ardcháilíochta cuimsitheach slán agus do laghdú na bochtaineachta agus an neamhionannais i measc leanaí. Leanfaidh an tAontas d'aird ar leith a thabhairt ar chosaint leanaí atá thíos leis an gcoinbhleacht armtha agus atá ag maireachtáil i staideanna iarchoinbhleachta, agus cuirfidh sé feabhas ar an gcomhordú le sásraí na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir le Treoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha. Leanfaidh an tAontas den obair chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh leanaí.

46. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le **daoine scothaosta** cearta uile an duine a theachtadh ina n-iomláine, agus a rannpháirtíocht i ngach réimse den saol á háirithiú, agus leanfaidh sé de bheith ag dul i ngleic leis an aoiseachas, leis an idirdhealú ar bhonn aoise agus le gach cineál foréigin. Oibreoidh an tAontas chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cosanta agus chun cur chun feidhme éifeachtach na gcaighdeán idirnáisiúnta a chur chun cinn i ndáil leis an méid sin, agus é ag dul i gcomhar le comhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe.

47. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta go daingean na **cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha** uile a urramú, a chosaint, a chomhall agus a chur chun cinn, lena n-áirítear an ceart oideachas, bia, sláinte, slándáil sóisialta, tithíocht leormhaith agus obair chuibhiúil a fháil, agus tacú le tionscnaimh ábhartha i ndáil leis an méid sin. Glacfaidh sé páirt ghníomhach sa phlé maidir leis an ngeilleagar dar tosaíocht cearta an duine. Leanfaidh sé de bheith ag tacú leis an rochtain uilíoch ar uisce óil, sláintíocht agus sláinteachas atá sábháilte, leordhóthanach agus inacmhainne, agus leagfaidh sé béim ar ghné chearta an duine sna réimsí sin. Leanfaidh an tAontas de chearta cultúrtha agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha a chur chun cinn.

48. Leanfaidh an tAontas den chomhar le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine agus le Meitheal na Náisiún Aontaithe maidir le **Gnó agus Cearta an Duine** chun cur chun feidhme Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun cinn ar fud an domhain. Le reachtaíocht an Aontais maidir le dícheall cuí corparáideach i ndáil leis an inbhuanaitheacht agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne obair éigeantais, cuirtear bonn tábhachtach le rannpháirtíocht chuiditheach an Aontais sna Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear maidir le hionstraim atá bunaithe ar chomhthoil agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhaineann le gnó agus cearta an duine. D'fhonn cosaint íospartach a fheabhsú agus cothroime iomaíochta dhomhanda a chruthú, tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh teacht ar chomhthoil leathan thrasréigiúnach idir Ballstáit na Náisiún Aontaithe. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le glacadh na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta sna Ballstáit agus sna tíortha comhpháirtíochta, agus oibreoidh sé chun go mbeidh creat cuimsitheach ag an Aontas maidir le Prionsabail Threoracha sin na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Ina theannta sin, glacfaidh sé páirt chuiditheach i Meitheal na Náisiún Aontaithe maidir le creat rialála idirnáisiúnta a fhorbairt i ndáil le gníomhaíochtaí cuideachtaí príobháideacha míleata agus slándála.

49. Agus tionchar an **athraithe aeráide**, chailliúint na bithéagsúlachta, dhíghrádú an chomhshaoil agus an truaillithe á aithint aige a mhéid a bhaineann le cumas na nglúnta atá ann faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht cearta an duine a theachtadh, leanfaidh an tAontas den obair chun cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn chun dlús a chur leis na hiarrachtaí maolúcháin agus oiriúnacháin i dtaobh an athraithe aeráide. Meabhróidh an tAontas oibleagáidí na stát a ndualgais a dhéanamh i ndáil leis an méid sin agus díreoidh sé ar na sealbhóirí ceart sin is leochailí maidir le héifeachtaí na géarchéime pláinéadaí triaraí. Cuirfidh an tAontas ról tábhachtach chosantóirí chearta an duine i réimse an chomhshaoil agus na bpobal dúchasacha chun cinn agus tacóidh sé le bearta le hiad a chosaint. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phlé maidir le cur chun cinn cheart an duine chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe i bhfianaise na Tuairime Comhairlí ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta i mí Iúil 2025. Tacóidh sé leis na bearta misniúla práinneacha is gá mar chuid den aistriú glas chun aistriú cóir cuimsitheach a áirithiú.

50. Leanfaidh an tAontas de chearta na **bpobal dúchasach** mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach iad agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn, agus i ndáil leis sin glacfaidh sé páirt ghníomhach i ngach fóram ábhartha ina ndéantar plé ar chearta na bpobal dúchasach. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach sna hiarrachtaí uile chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht iomlán éifeachtach fhónta ionadaithe agus institiúidí na bpobal dúchasach i gcruinnithe ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann leo. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá cosantóirí chearta daonna na bpobal dúchasach, lena n-áirítear i gcomhthéacs na talún agus acmhainní nádúrtha agus i gcomhthéacs chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus na haeráide, agus ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh siad in ann cearta an duine a chur chun cinn gan eagla roimh bhearta díoltais. Meabhróidh an tAontas leochaileacht na bpobal dúchasach i gcomhthéacs an athraithe aeráide. Ina theannta sin, déanfaidh an tAontas rannpháirtíocht agus ceannaireacht chothrom, iomlán, éifeachtach, fhóinteach na mban dúchasach a chur chun cinn. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé rochtain a thabhairt do leanaí dúchasacha ar oideachas ina dteanga féin agus i dtaca lena gcultúr féin.

51. Meabhróidh an tAontas go bhfuil an **ceart chun forbartha** fréamhaithe in uilíocht, doroinnteacht, idirghaolmhaireacht, idirspleáchas agus treisiú frithpháirteach chearta uile an duine, gurb iad daoine aonair na gníomhaithe, na spreagthóirí agus na tairbhithe is lárnaí ó thaobh na forbartha de, agus gur ar na stáit atá an dualgas agus an fhreagracht phríomha as cearta uile an duine a urramú, a chosaint agus a chomhall i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Meabhróidh an tAontas a fhorchoimeádas maidir leis an dréacht-ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir leis an gceart chun forbartha, nó aon chur chuige a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'oibleagáidí na stát maidir le cearta an duine tríd an gceart chun forbartha a chur os cionn cearta eile nó trí na cearta sin a lua le stáit. Meabhraítear don Aontas freisin oibleagáid na stát ós orthu atá an príomhdhualgas as cearta an duine a bhaint amach ina n-iomláine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cur i gcoinne aon phróisis anabaí nó neamhchothroma, de bheith ag cur ar son cur chuige trédhearcach cuimsitheach atá bunaithe ar chomhthoil, agus de bheith ag áitiú go ndéanfar ailíniú iomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de pháirt chuiditheach a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta, bíodh sin i dtaobh phróiseas nó substaint na bhfóram sin, gan dochar dá sheasamh deiridh.

52. Leanfaidh an tAontas de dhlús a chur leis an ngníomhaíocht chun seasamh leis an dlí idirnáisiúnta agus chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint i dtaca le **dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, daoine easáitithe ina dtír féin agus imircigh**, go háirithe an ceart bunúsach tearmann a lorg agus prionsabal an *non-refoulement*, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine atá i staideanna leochaileacha. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cur ar son cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith an chomhair maidir leis an imirce agus leanfaidh sé den chur chuige sin a chur chun feidhme. Leanfaidh an tAontas de dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh bealaí dleathacha chun imirce i gcomhréir leis na hinniúlachtaí náisiúnta. Iarrfaidh an tAontas ar na stáit uile **gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach** a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Chomhaontais Dhomhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta agus cur i gcoinne ionstraimiú na n-imirceach chun críoch polaitiúil, agus cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta á n-urramú go hiomlán. Ní cheadóidh an tAontas d'aon tír mí-úsáid a bhaint as a luachanna, lena n-áirítear an ceart ar thearmann.

53. Iarrfaidh an tAontas ar na stáit uile a áirithiú go ndéanfar an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán agus **an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe á bhfreagairt**, lena n-áirítear i gcás imscrúdaithe agus an t-ionchúisimh, agus go dtabharfar tús áite do chearta na n-íospartach. Ní mór nach dtiocfadh an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh salach ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine agus an dlí daonnúil, ná nach ndéanfar é a ionstraimiú chun na críche sin.